# CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 266/2022

## an 23 Meán Fómhair 2022

## lena leasaítear Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/795]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/252 ón gCoimisiún an 21 Feabhra 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1167 chun na ceanglais tástála a shonrú atá le cur i bhfeidhm maidir le mótar-ghineadóir éifeachtúil 48 Volta atá comhtháite sa chásáil tras-seolta agus atá cumaiscthe le tiontaire 48 Volta/DC 12 Volta/DC ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 21azd (Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1167 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE:

'— **32022 D 0252**: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/252 ón gCoimisiún an 21 Feabhra 2022 (IO L 41, 22.2.2022, lch. 33).'

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/252 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 24 Meán Fómhair 2022, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2022.

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*
*An tUachtarán*
Kristján Andri STEFÁNSSON

([1]) IO L 41, 22.2.2022, lch. 33.
(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.